# Ráiteas Ceannaire Páirtí
# 1 Eanáir 2023 go dtí 31 Nollaig 2023
**An tAcht Toghcháin 1997**

**Seicliosta**

- ☐ Tá na Treoirlínte Síntiús atá eisithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin léite agam agus tuigim go hiomlán iad
- ☐ Tuigim go hiomlán mo chuid oibligeáidí faoin Acht Toghcháin 1997
- ☐ Tuigim go hiomlán gur cion é loiceadh tuairisceáin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi na dátaí a luaitear agus go bhféadfadh go mbeadh atreorú chuig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí mar thoradh air
- ☐ Tuigim nach bhfuil tuairisceán iomlán déanta agam go dtí go mbeidh gach foirm faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, pé acu i gcóip chrua nó le ríomhphost.

Iarrtar ar cheannaire páirtí tagairt a dhéanamh do na Treoirlínte Síntiús atá foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, agus más gá, comhairle a iarraidh maidir leis na na foirmeacha a chomhlíonadh ó:

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2**
**D02 W773**

**Teil: 01 - 6395666**
**R-phost: info@sipo.ie**
**Suíomh gréasáin: http://www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

Ba chóir go mbeidh Ráiteas Cheannaire an Pháirtí faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773, **tráth nach déanaí ná an 31 Márta 2024.**

**Más mian leat comhfhreagras agus foirmeacha a fháil i nGaeilge, déan teagmháil linn, le do thoil.**

# Ráiteas Ceannaire Páirtí
# 1 Eanáir 2023 go dtí 31 Nollaig 2023
An tAcht Toghcháin 1997

***Comhlánaigh le BLOCLITREACHA agus i gcló dubh ionas go mbeifear in ann an ráiteas a chóipeáil***

## 1. Eolas Ginearálta

| | |
|---|---|
| **Ainm an Pháirtí Pholaitíochta:** | Cliceáil anseo chun téacs a chur isteach |
| **Ainm Ceannaire an Pháirtí:** | Cliceáil anseo chun téacs a chur isteach |
| **Seoladh le haghaidh comhfhreagrais:** | Cliceáil anseo chun téacs a chur isteach |
| **Uimhir Theileafóin** | |
| **Seoladh Ríomhphoist:** | |

## 2. Síntiúis

| | |
|---|---|
| An bhfuair an Páirtí aon síntiús aonair ar mó a luach ná €100.00 ó lasmuigh den Stát idir 1 Eanáir 2023 agus 31 Nollaig 2023? Má **FUAIR**, ní mór duit luach an tsíntiúis/na síntiús a liostáil ar leathanach 4. | ***Fuair*** ☐ ***Ní bhFuair*** ☐<br>( cuir [ ☐ ] isteach mar is cuí) |

| | |
|---|---|
| An ndeimhníonn tú gur áiríodh sa ráiteas scríofa don bhliain sin, gach síntiús ar mó a luach ná €100 (más ann di),(gach deonachán san áireamh) a fuair an páirtí polaitíochta ó lasmuigh den Stát, pé acu mar airgead tirim nó mar shíntiús comhchineáil? | ***Áiríodh*** ☐ ***Níor áiríodh*** ☐<br>( Cuir [ ☐ isteach] mar is cuí) |

**Ní mór duit an Dearbhú Reachtúil atá in éineacht leis an bhfoirm seo a chomhlánú.**

# 3. Sonraí faoi Shíntiúis (déan an leathanach seo a fhótachóipeáil i gcás go bhfuil níos mó ná 2 shíntiús á nochtadh)

**Síntiús #**

<table>
<tr><td colspan="2">Ainm agus seoladh poist iomlán an tsíntiúsóra nó an duine a ndearnadh an síntiús thar a cheann</td><td colspan="4"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Ar iarradh ar an síntiúsóir an sintiús a thabhairt?</td><td>Iarradh / Níor iarradh</td><td colspan="2">Ainm an duine a d’iarr an síntiús (más bainteach)</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Luach an tSíntiúis</td><td colspan="2">€</td><td>Cineál an tSíntiúis[1]</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Tuairisc ar an Síntiúsóir[2]</td><td colspan="2"></td><td>Dáta ar a bhfuarthas an Síntiús</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="5">Má fuarthas an síntiús ó shíntiúsóir corparáideach, an raibh foirm um ráiteas ceadaithe ag gabháil leis? [3]</td><td>Bhí / Ní raibh</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ar eisíodh admháil?</td><td colspan="2">Eisíodh / Níor eisíodh</td><td>An Saoránach Éireannach é/í an Síntiúsóir?</td><td>Is ea / Ní hea</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ainm an duine a d’eisigh an admháil</td><td colspan="4"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Eolas breise</td><td colspan="4"></td></tr>
</table>

[1] **Mar shampla, airgead tirim/seic/ríomhaistriú airgid, úsáid maoine, seirbhísí, etc.**

[2] Mar shampla, duine aonair, síntiúsóir corparáideach cláraithe, ceardchumann, páirtí polaitíochta, etc
[3] Le haghaidh tuilleadh eolais, feách nóta V thíos

**Síntiús #**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm agus seoladh poist iomlán an tsíntiúsóra nó an duine a ndearnadh an síntiús thar a cheann** | | | |
| **Ar iarradh ar an síntiúsóir an síntiús a thabhairt?** | Iarradh / Níor iarradh | **Ainm an duine a d'iarr an síntiús (más bainteach)** | |
| **Luach an tSíntiúis** | € | **Cineál an tSíntiúis[1]** | |
| **Tuairisc ar an Síntiúsóir[2]** | | **Dáta ar a bhfuarthas an Síntiús** | |
| **Má fuarthas an síntiús ó shíntiúsóir corparáideach, an raibh foirm um ráiteas ceadaithe ag gabháil leis? [3]** | | | Bhí / Ní raibh |
| **Ar eisíodh admháil?** | Eisíodh / Níor eisíodh | **An Saoránach Éireannach é/í an Síntiúsóir?** | Is ea / Ní hea |
| **Ainm an duine a d'eisigh an admháil** | | | |
| **Eolas breise** | | | |

[1] Mar shampla, airgead tirim/seic/ríomhaistriú airgid, úsáid maoine, seirbhísí, etc.
[2] Mar shampla, duine aonair, síntiúsóir corparáideach cláraithe, ceardchumann, páirtí polaitíochta, etc
[3] Le haghaidh tuilleadh eolais, feách nóta A) v) thíos

# 4. Dearbhú Reachtúil

**Cuid 1**
***(lena comhlánú go hiomlán ag Ceannaire an Pháirtí)***

Dearbhaímse (ainm Cheannaire an Pháirtí) ........................................................., go sollúnta agus go fíréanta gur ceart i ngach ponc ábhartha atá Ráiteas Cheannaire an Pháirtí faoi iamh, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, agus go ndearna mé gach beart réasúnach chun a bheith sásta maidir lena gcruinneas agus déanaim an dearbhú sollúnta seo agus mé ag creidiúint go coinsiasach go bhfuil an méid céanna fíor agus de bhua an Achta um Dhearbhuithe Reachtúla, 1938.
Síniú Cheannaire an Pháirtí: ...................................................

**Cuid II**
**(lena comhlánú go hiomlán ag an bhfinné)**

***Agus an chuid seo á comhlánú, ní mór don fhinné a lua an bhfuil aithne aige/aici ar an duine atá ag déanamh an dearbhaithe reachtúil, nó ar chuir duine eile é/í in aithne dó/di nó ar cuireadh é/í in aithne dó/di le ceann amháin de na doiciméid dá dtagraítear thíos.***
\

Arna dhearbhú os mo chomhairse (*ainm an fhinné i gceannlitreachta anseo*) .............................................. *(catagóir finné, i.e. pé acú nótaire poiblí, coimisinéir mionnaí, feidhmeannach síochána nó aturnae clechtach, le cur isteach anseo)*.................................................................................. ag ........................................................................... *(cuir isteach ainm an ceannaire pháirtí atá ag tabhairt an ráitis), ar a bhfuil aithne phearsanta agam,*

nó

atá curtha in aithne dom ag ............................................. ar a bhfuil aithne phearsanta agam,

nó

ar cruthíodh a c(h)éannacht dom sula ndearnadh an Dearbhú sin ach Pas uimh. ……………….. arna eisiúint [*dáta eisiúna*] …………… ag údaráis [*stát eisiúna*] ……………………, údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann, a thaispeáint dom.

nó

cárta aitheantias náisiúnta uimh. ...................................... arna eisiúint [*dáta eisiúna*] ..........................ag na húdaráis [*stát eisiúna*]..........................................( ar Bhallstát den Aontas Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach de Chomhatonú LEE é), a thaispeáint dom

nó

Pas Eachtrannach uimh. ............................................... arna eisiúint [*dáta eisiúna*] .......................... ag údaráis [*stát eisiúna*]........................................ is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann

nó

doiciméad taistil dídeanaí uimh. .....................................arna eisiúint [*dáta eisiúna*] .............................. ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a thaispeáint dom

nó

doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí) uimh. ................................. arna eisiúint [*dáta eisiúna*]............................. ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a thaispeáint dom

**Síniú an fhinné** .............................................................

**Catagóir finné***.............................................................................

**Áit Sínithe** ........................................................................................

**Dáta**..................................

***Chun cáiliú, ní mór gur Coimisinéir Mionnaí, Nótaire Poiblí, Feidhmeannach Síochána nó Aturnae cleachtach é an finné.**

**Ní mór duit an fhoirm agus an dearbhú reachtúil a chur ar ais chuig:**

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2**
**D02 W773**

**Teil: 01 - 6395666**
**R-phost: info@sipo.ie**
**Suíomh gréasáin: http://www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**NÓTAÍ:**
I gcás gach síntiúis os cionn €100 a fuarthas ó lasmuigh den Stát idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig 2023, ní mór luach agus cineál an tsíntiúis a lua, mar aon le hainm agus **seoladh poist iomlán** an duine a thug an síntiús (féach cuid 3).

Ní mór do cheannaire an pháirtí a dheimhniú gur áiríodh sa ráiteas scríofa a chuir an t-oifigeach cuí iseach don bhliain sin, gach síntiús (gach deonachán san áireamh).

**A) SÍNTIÚIS THOIRMISCTHE**

**i) Síntiúis gan Ainm**
Tá sé toirmiscthe glacadh le síntiús gan ainm ar mó a luach ná **€100**. Is síntiús gan ainm é an síntiús i gcás nach bhfuil ainm **agus** seoladh an tsíntiúsóra ar eolas ag an gComhalta nó an iar-Chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó ag an FPE. Is ar an bhfaighteoir atá an dualgas a chinntiú gurb eol ainm agus seoladh an tsíntiúsóra.

**ii) Síntiúis Airgid Thirim os cionn €200**
Is é **€200.00** an **síntiús uasta airgid thirim** a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaránachta/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta, páirtí polaitíochta, aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta, nó tríú páirtí glacadh leis ó shíntiúsóir in aon bhliain féilire.

**iii) Síntiúis os cionn na teorann**
Tá toirmeasc ar Chomhalta nó an iar-Chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó ar FPE glacadh, in aon bhliain féilire, le síntiús ar mó a luach ná €1,000.00 nó le síntiúis ar mó a luach comhiomlán ná €1,000.00 ón aon duine amháin. Ba cheart luachanna na síntiús uile a fuarthas ón aon duine amháin san aon bhliain féilire amháin a chomhiomlánú agus ba cheart caitheamh leo mar shíntiús aonair.

**iv) Síntiúis ón gcoigríoch**
Ní fhéadfar glacadh le síntiús polaitíochta, de luach ar bith, ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) ar a bhfuil cónaí lasmuigh d'oileán na hÉireann), ó chomhlacht corpraithe ná ó chomhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann óna stiúrtar ceann amháin ar a laghad dá phríomhghníomhaíochtaí.

**v) Síntiúis os cionn €200 ó shíntiúsóirí corparáideacha neamhchláraithe**
Tá sé toirmiscthe glacadh le síntiús ar mó a luach ná **€200** ó shíntiúsóir corparáideach ach amháin i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe sa Chlár de Shíntiúsóirí Corparáideacha arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún **agus** go ndéantar ráiteas thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh (agus é á thabhairt in éineacht leis an síntiús don deontaí) ina ndeimhnítear gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús. Ní mór dearbhú reachtúil a bheith ag gabháil leis an ráiteas, dearbhú reachtúil ina ndeirtear go bhfuil an ráiteas ceart i ngach ponc ábhartha, de réir mar is fearr is eol don duine lena mbaineann agus mar a chreideann sé, agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta ag an duine chun bheith deimhin de go bhfuil an ráiteas cruinn.

**Má tá síntiús atá toirmiscthe faighte ag an bpáirtí, ba chóir don oifigeach cuí na treoirlínte a sheiceáil chun faisnéis a fháil faoi conas déileáil leis sin.**